

	An Geall (le Liam Mac Uistín)	
1.	D'oscail Colm Ó Sé a shúile agus lig sé cnead as.	
2.	Chas sé sa leaba agus d'fhéach sé ar an gclog a bhí ar an mbord in aice na leapa.	
3.	Bhí na lámha ag tarraingt ar mheán lae.	
4.	Lig sé cnead eile as agus tharraing sé na héadaí leapa thar a cheann.	
5.	Bhí diabhal beag damanta éigin ag bualadh a chláir éadain le casúr cruach.	
6.	Bhí scór diabhal ag sá priocairí te ina ghoile.	
7.	Bhí céad diabhal ag sá spící bioracha isteach ina shúile.	
8.	Nocht sé a cheann arís agus thosaigh sé ag lúbarnaíl go míshuaimhneach.	
9.	Tháinig imeachtaí na hoíche aréir ar ais ina chuimhne.	
10.	Chuir sé tús leis an oíche ag ól lena chairde sa Ghluaisteán Glas, an tábhairne i lár na cathrach inar ghnách leo bualadh le chéile.	
11.	Ansin chuaigh siad ar aghaidh go dtí Bealach na Bó Finne, an club oíche galánta taobh ó dheas den chathair.	
12.	D'ól sé go trom ansin agus bhí sé chomh meidhreach le dreoilín teaspaigh nuair a thug sé an cailín faoi deara.	
13.	Bhí sí ina suí le cúpla cailín eile ag an mbord in aice leis.	
14.	Chuir a gáire drithlín gliondair tríd.	
15.	Chuir a gnúis álainn agus a folt buíbhán faoi dhraíocht é.	
16.	Tar éis tamaillín, d'éirigh leis dul chun cainte léi.	
17.	Tar éis tamaillín eile bhí sé ina shuí in aice léi agus a lámh faoina com aige.	
18.	D'ordaigh sé seaimpéin agus d'ól siad sláinte a chéile.	
19.	Síle an t-ainm a bhí uirthi.	
20.	Dúirt sí gur thaitin an t-ainm Colm go mór léi.	

	An Geall (le Liam Mac Uistín)	The Promise (by Liam Mac Uistín)
1.	D'oscail Colm Ó Sé a shúile agus lig sé cnead as.	Colm Ó Sé opened his eyes and groaned.
	a. Lig mé cnead asam.	I groaned.
	b. Lig tú cnead asat.	You groaned.
	c. Lig sé cnead as.	He groaned.
	d. Lig sí cnead aisti.	She groaned.
	e. Lig muid cnead asainn.	We groaned.
	f. Lig sibh cnead asaibh.	Y'all groaned.
	g. Lig siad cnead astu.	They groaned.
	h. Lig sé osna as.	He sighed.
	i. Lig sé béic as.	He yelled.
2.	Chas sé sa leaba agus d'fhéach sé ar an gclog a bhí ar an mbord in aice na leapa.	He turned in the bed and looked at the clock that was on the table next to the bed.
	a. an leaba / na leapa / in aice na leapa	the bed / of the bed / next to the bed
	b. an bord / an bhoird / in aice an bhoird	the table / of the table / next to the table
3.	Bhí na lámha ag tarraingt ar mheán lae.	The hands were approaching noon.
	a. meán lae / meán oíche	noon / midnight
4.	Lig sé cnead eile as agus tharraing sé na héadaí leapa thar a cheann.	He groaned again and pulled the bedclothes over his head.
5.	Bhí diabhal beag damanta éigin ag bualadh a chláir éadain le casúr cruach.	Some darned little devil was striking his forehead with a steel hammer.
6.	Bhí scór diabhal ag sá priocairí te ina ghoile.	Twenty devils were sticking hot pokers into his stomach.
7.	Bhí céad diabhal ag sá spící bioracha isteach ina shúile.	A hundred devils were sticking sharp spikes into his eyes.
8.	Nocht sé a cheann arís agus thosaigh sé ag lúbarnaíl go míshuaimhneach.	He uncovered his head again and began to twist uneasily.
9.	Tháinig imeachtaí na hoíche aréir ar ais ina chuimhne.	The events of the previous night came back into his memory.
	a. An cuimhin leat é?	Do you remember him?
	b. Is cuimhin.	Yes (remember).
	c. Is cuimhin liom é.	I remember him.
	d. Ní cuimhin.	No (don't remember)
	e. Ní cuimhin liom é.	I don't remember him.

	An Geall (le Liam Mac Uistín)	The Promise (by Liam Mac Uistín)
10.	Chuir sé tús leis an oíche ag ól lena chairde sa Ghluaisteán Glas, an tábhairne i lár na cathrach inar ghnách leo bualadh le chéile.	He began the night drinking with his friends in the Green Car, the pub in the middle of the city were they usually met each other.
	a. an chathair / na cathrach	the city / of the city
	b. An gnách leat bualadh leis ansin?	Do you usually meet him there?
	c. Is gnách.	Yes (is usual).
	d. Is gnách liom bualadh leis ansin.	I usually meet him there.
	e. Ní gnách.	No (isn't usual).
	f. Ní gnách liom bualadh leis ansin.	I don't usually meet him there.
	g. Ar ghnách leat bualadh leis ansin?	Did you usually meet him there?
	h. Ba ghnách.	Yes (was usual).
	i. Ba ghnách liom bualadh leis ansin.	I usually met him there.
	j. Níor ghnách.	No (wasn't usual).
	k. Níor ghnách liom bualadh leis ansin.	I didn't usually meet him there.
11.	Ansin chuaigh siad ar aghaidh go dtí Bealach na Bó Finne, an club oíche galánta taobh ó dheas den chathair.	Then they went on to the Milky Way, the elegant nightclub south of the city.
	a. taobh ó thuaidh	to the North
	b. taobh ó dheas	to the South
	c. taobh thiar	to the West
	d. taobh thoir	to the East
12.	D'ól sé go trom ansin agus bhí sé chomh meidhreach le dreoilín teaspaign nuair a thug sé an cailín faoi deara.	He drank heavily there and was as happy as a grasshopper when he noticed the girl.
	a. dreoilín / dreoilín teaspaign	wren / grasshopper
	b. Ar thug tú faoi deara mé?	Did you notice me?
	c. Thug.	Yes (took).
	d. Thug mé faoi deara thú.	I noticed you.
	e. Níor thug.	No (didn't take).
	f. Níor thug mé faoi deara thú.	I didn't notice you.
13.	Bhí sí ina suí le cúpla cailín eile ag an mbord in aice leis.	She was sitting with a couple other girls at the table next to him.
14.	Chuir a gáire drithlín gliondair tríd.	Her laughter sent a spark of joy through him.
15.	Chuir a gnúis álainn agus a folt buíbhán faoi dhraíocht é.	Her beautiful face and her light blond hair enchanted him.

	An Geall (le Liam Mac Uistín)	The Promise (by Liam Mac Uistín)
16.	Tar éis tamaillín, d'éirigh leis dul chun cainte léi.	After a little while, he managed to go talk to her.
17.	Tar éis tamaillín eile bhí sé ina shuí in aice léi agus a lámh faoina com aige.	After another little while, he was seated next to her and his hand around her waist.
18.	D'ordaigh sé seaimpéin agus d'ól siad sláinte a chéile.	He ordered champagne and they drank each other's health.
19.	Síle an t-ainm a bhí uirthi.	Her name was Sheila.
20.	Dúirt sí gur thaitin an t-ainm Colm go mór léi.	She said that she liked the name Colm very much.
	a. An dtaitníonn sé leat?	Do you like it?
	b. Taitníonn.	Yes (pleases).
	c. Taitníonn sé go mór liom.	I like it a lot.
	d. Ní thaitníonn.	No (doesn't please).
	e. Ní thaitníonn sé liom ar chor ar bith.	I don't like it at all.
	f. Ar thaitin sé leat?	Did you like it?
	g. Thaitin.	Yes (pleased).
	h. Thaitin sé go mór liom.	I liked it a lot.
	i. Níor thaitin.	No (didn't please).
	j. Níor thaitin sé liom ar chor ar bith.	I didn't like it at all.

	Ceisteanna	Questions
Q1	Cá raibh Colm?	Where was Colm?
Q2	Cad air ar fhéach sé?	What did he look at?
Q3	Cá raibh a chlog?	Where was his clock?
Q4	Ar éirigh Colm go luath?	Did Colm get up early?
Q5	Cá raibh sé aréir?	Where was he last night?
Q6	Cé leo a raibh sé?	Who was he with?
Q7	Cad a rinne sé aréir?	What did he do last night?
Q8	Cé léi ar bhuail sé?	With whom did he meet?